

# ❁ An Lúibín ❁

6 Deireadh Fómhair 2014

## 'Ireland, Wales and the dynamics of language revival': Robert Lindsay

*Seimineár Léinn Éireannaigh, Coláiste Newman, Ollscoil Melbourne, 23 Meán Fómhair 2014*

Bhí ábhar na cainte seo bunaithe ar PhD atá á chríochnú ag Robert. Mar a dúirt sé i dtús na cainte, tá teangacha ag dul i léig ar fud an domhain. Tá daoine ann a deir gurb í ceist na Gaeilge príomhcheist na hÉireann maidir le féiniúlacht náisiúnta. Chuir Rob i gcuimhne dúinn gur minic is ionann athrú teanga agus athrú polaitiúil.

Ba mhór an tionchar a bhí ag na Breatnaigh ar an ngluaiseacht teanga in Éirinn, agus dúirt Rob gur léirigh sé sin an tábhacht atá le comhoibriú i ngnóthaí teanga, cé nach foláir aird a thabhairt i gcónaí ar an scéal áitiúil.

I dtús na seascaidí ba dhóigh leat ar na figiúirí go raibh an Bhreatnais ag dul i laige agus go raibh líon na nGaeilgeoirí ag dul i méid. Ní raibh sa 'mhéadú' úd, áfach, ach daoine a d'fhoghlaim Gaeilge ar scoil agus a chuir in iúl go raibh siad in ann í a labhairt dá bharr. Tríd is tríd, ní raibh sa mhéid sin ach cur i gcéill agus tuairimíocht. I gcás na gcainteoirí Breatnaise, áfach, ba dhóichí go raibh an teanga ar a dtoil acu i ndáiríre. Ach is sna seascaidí a thosaíodh ag cur scolaíocht Bhreatnaise ar fáil, gluaiseacht neamhspleách nach bhfuair cabhair ón rialtas: ba ghnách náiscoil a bhunú ar dtús agus bunscoil a bhunú tamall gearr ina dhiaidh sin mar chuid den tionscadal céanna. Baineadh tairbhe as taighde a chuir le fios gur mhór an cúnadh é an dátheangachas i gcúrsaí foghlama.

Bhí Jac L. Williams (1918-1977) chun tosaigh sa ghluaiseacht seo, agus thug sé léachtanna i nÉirinn sna blianta 1967 agus 1968 a chuaigh i bhfeidhm ar Ghaeilgeoirí. Sa bhliain 1971 ní raibh ach ceithre scoil is fiche (0.6 den iomlán) ag múineadh trí Ghaeilge. Ba mhór an obair a rinne Pádraig Ó Cuanacháin (1932-2008) chun feabhas a chur ar an scéal agus lámh aige i mbunú gaelscoileanna nua sna hochtóidí.

Ba é Saunders Lewis an gníomhaí teanga ba nótáilte sa Bhreatain Bheag ag an am. File, drámadóir agus úrscéalaí a bhí ann, agus ba dhóigh leis go raibh dlúthbhaint ag an mBreatain le féiniúlacht a thíre. Chuidigh sé le Plaid Genedlaethol Cymru (Páirtí Náisiúnach na Breataine Bige) a bhunú. Sa bhliain 1962 thug sé caint raidió dar theideal 'Tyngeth yr iaith' (Cinniúint na teanga) agus é á rá go bhfaigheadh an Bhreatnais bás mura ndéanfaí beart lena neartú. D'aistrigh Máirtín Ó Cadhain an chaint seo go Gaeilge mar *Bás nó beatha*. D'fhág an dearcadh a bhí ann a rian ar ghníomhaithe Gaeilge, agus thosaigh feachtas gníomhaíochta. Bhí an grúpa Misneach chun tosaigh ann seo agus iad i mbun agóidíochta pé áit ar dhóigh leo go raibh an teanga faoi dhímheas. (Iadsan a chuaigh i ngleic leis an Language Freedom Movement, dream frith-Ghaeilge.) Bhí a leithéid chéanna de ghníomhaíocht ar siúl sa Bhreatain Bheag.

Tháinig beocht nua i gConradh na Gaeilge, eagraíocht a bhí fágtha i leataobh faoin am seo. D'éirigh siad amach ar na sráideanna ar an dóigh Bhreatnach faoi cheannas Mhaolsheachlainn Uí Chaollaí, gníomhaí a bhí i dteagmháil leis an náisiúnaí cáiliúil Breatnach Gwynfor Evans. (Bhagair sé siúd go rachadh sé ar stailc ocrais mura gcuirfí teilifís Bhreatnaise ar bun, rud a scanraigh rialtas Margaret Thatcher. Rinneadh beart dá réir sa bhliain 1980.) Tháinig Evans go dtí Baile Átha Cliath sa bhliain 1980 agus bhí sé páirteach i léirsiú de chuid an Chonartha.

Faoi na hochtóidí bhí na hÉireannaigh ag éirí tuirseach den chuid ab fhoréigní den ghníomhaíocht teanga. Bhí siad níos boige, áfach, le gníomhaithe teanga na Gaeltachta, faoi mar gur bhain siad siúd le dream ar leith agus cead acu, mar shampla, comharthaí Béarla a scrios. Sa Bhreatain Bheag bhíodh daoine áirithe ag dó tithe saoirse ar le Sasanaigh iad, ach tháinig deireadh leis sin chomh maith.

Rinneadh díospóireacht i ndiaidh na cainte. Rinneadh tagairt do Bhreantaiseoirí na hAirgintíne agus do Ghaeilgeoirí Bhóthar na bhFál i mBéal Feirste. Dúradh gurbh é an rud is riachtanaí daltaí a múineadh trí Ghaeilge nó trí Bhreantais a chur ag labhairt na teangacha sin lasmuigh den scoil. Dúirt Robert go mb'fhéidir nach mairfeadh Gaeilge agus Breatnais ach mar theangacha gréasáin seachas mar theangacha pobail. (Ní mór a rá, áfach, go bhfuil fianaise ann go bhfuil an Ghaeilge á fréamhú féin i mBaile Átha Cliath agus in áiteanna eile.) Rinne Robert tagairt don nós atá ag Gaeilgeoirí iompú ar an mBéarla má thagann Béarlóir ina láthair. Níos eile ar fad atá ag lucht labhartha Breatnaise, dream nach stadfaid de Bhreantais a labhairt, cé go ndéanfaí réiteach éigin ar son an Bhéarlóra.



### **An Bhreantais mar a bhí, an Bhreantais mar atá**

Tá líon na gcainteoirí Breatnaise ag dul i laghad. Idir na blianta 2001 agus 2011 thit an líon sin ó 21% go dtí 19%, go háirithe sa tuaisceart agus san iarthar, na háiteanna is láidre atá an teanga. Bíonn daoine ag imeacht agus is minic a thagann Sasanaigh isteach ina n-áit. Ar éigean is gá a rá, mar sin féin, go bhfuil an Bhreantais faoi bhláth agus faoi rath le hais na Gaeilge. Agus is féidir fós deireadh a chur le meath na Breatnaise.

Tá rialtas na Breataine Bige ar a dhícheall ag cur na teanga chun cinn. Tá beagnach 25% de dhaltáí á múineadh trí Bhreantais agus is minic a chaithfidh tú an teanga a bheith agat chun post a fháil sa státseirbhís nó sna meáin. Tá de thoradh air seo go bhfuil méadú éigin ag teacht ar úsáid na Breatnaise fiú i ndeisceart Béarlaithe na tíre. Ach thóg alt san *Economist* conspóid tamall ó shin nuair a cuireadh in iúl go raibh bearna shuntasach anois idir Bhreantais na ndaltaí úd agus teanga a dtuismitheoirí. Rinneadh tagairt do 'chanúint nua'.<sup>1</sup> Dúradh mar fhreagra nach mór an chonstaic pé bearna a bhí ann agus gur sláinte sláinte canúint nua a theacht ar an saol, má bhí sí ann. Mheabhroídh an méid seo duit a bhfuil á rá faoin nGaeilge nua uirbeach.

Tá rialacha nua á gcur i bhfeidhm sa Bhreatain Bheag maidir leis an dualgas atá ar údaráis áitiúla freastal ar lucht labhartha Breatnaise. Tá an treise á cur ar úsáid an dá theanga ar fhoirmeacha agus suíomhanna, ar chainteoirí Breatnaise a bheith ag freagairt na nguthán, ar fháilte a bheith roimh litreacha i mBreantais agus ar thús áite a thabhairt don Bhreantais ar chomharthaí bóthair. Is féidir a leithéid a dhéanamh sa Bhreatain Bheag toisc go bhfuil neart éigin sa teanga fós; in Éirinn ní bheadh ann ach píosa fimínteachta eile, cheal cainteoirí.

Idir an dá linn tá Geiriadur Prifysgol Cymru (Foclóir Stairiúil na Breatnaise) á cur ar fáil ar líne. Geobhaidh tú focail ann ó na téacsanna is luaithe anuas go dtí na téacsanna is déanaí. Bíonn foinse an fhocail ann, sainmhíniú Breatnaise agus téarma comhchiallach i mBéarla (agus is féidir focail Bhéarla a chuardach ann). Thosnaigh siad ag bailiú duillíní tagartha sa bhliain 1921 agus chuaigh na heagarthóirí i gceann oibre sa bhliain 1948. Foilsíodh an t-imleabhar ba dheireanaí as ceithre cinn sa bhliain 2002: leacht cultúrtha a mhairfidh go ceann i bhfad.



### **Aon Amharc ar Éirinn**

Idir Iúil 2013 agus Feabhra 2014 bhí taispeántas i Leabharlann an Acadaimh a shoiléirigh an Seanchas – cuimhne agus insint stair na hÉireann mar a scríobhadh í ón ré is luaithe anuas go dtí saothair staire an 17ú haois. Thug sé léargas ar mhuintreacha áirithe agus ar a gcuid lámhscríbhinní, agus bhí roinnt léachtanna ag gabháil leis. Tá an bailiúchán lámhscríbhinní Gaeilge is mó ar domhan ag Leabharlann Acadamh Ríoga na hÉireann agus baineadh tairbhe as anseo.

Scoláirí dúchasacha (an t-aos dána) a scríobh na lámhscríbhinní úd. Bhian siad leis an uasalaicme agus fuair siad sealbhaíocht oidhreachtuil talún agus maoin eile dá bharr. Chothaigh siad na scoileanna dúchasacha, áit ar cuireadh oiliúint ar dhaltáí mar fhilí, mar dhlíodóirí agus mar staraithe.

---

<sup>1</sup> 'Dragonian measures,' *Economist*, 9 Lúnasa 2014: <http://www.economist.com/news/britain/21611099-government-meddling-has-created-new-welsh-dialect-dragonian-measures>

Bhí baint ag cuid mhaith acu le muintreacha léannta sa seansaol, agus ní féidir ardchultúr an tseansaoil a thuiscint mura mbaintear feidhm as na lámhscríbhinní seo. Tá téacsanna ann a chuireann síos ar an dlí, ar an leigheas, ar an stair agus ar an bhfilíocht, in éineacht le dánta agus aistí cráifeacha. Bolg an tsoláthair atá i gcuid de na lámhscríbhinní is tábhachtaí - Leabhar Mór Leacáin, Leabhar Uí Mhaine agus Leabhar Bhaile an Mhóta.

Tá na léachtanna a ghabh leis an taispeántas le fáil anseo (i mBéarla, ar ndóigh):

<https://www.ria.ie/Library/Digital-Collections/Audio-Recordings.aspx>



### **Taighde ar chaolú na teanga**

Is beag eolas atá againn ar ghluaisne na teanga agus sinn ag caint, cé nach beag an tábhacht atá leis an eolas sin más áil leat airíonna cainte a thairdeadh. Tá an tOllamh Jaye Padgett agus an tOllamh Cúnta Grant McGuire ó UC Santa Cruz chun feidhm a bhaint as meaisín ultrafhuaimne iniompair chun tairdeadh a dhéanamh ar an difríocht idir consain leathana agus consain chaola na Gaeilge de réir ardú agus ísliú na teanga. Nuair a dhéanfar anailís ar an eolas seo beidh siad in ann ceisteanna níos ginearálta faoi dhéanamh na bhfuaimneanna.

Is beag taighde den saghas seo atá deanta ar na teangacha forleathana féin, agus ní dhearnadh an Ghaeilge a mheas ar an mbealach seo ar chor ar bith.

Fuair Padgett agus McGuire deontas \$261,255 ón National Science Foundation i Meiriceá le haghaidh an tionscadail seo: 'Collaborative Research: An Ultrasound Investigation of Irish Palatalization'. Beidh siad ag obair le Ryan Bennett ó Yale agus leis an gcainteoir dúchais Máire Ní Chiosáin ó UCD agus scrúdófar na dtí príomhchánúint. Bainfear tairbhe as an taighde freisin chun ábhair foghlama a chur ar fáil.

Féach <http://news.ucsc.edu/2014/09/linguistics-irish-tongue.html>.



### **An saol atá romhainn**

Tá gnólachtaí meán agus eile a chuireann méid mór cáipeisí amach ag tabhairt isteach scríbhneoirí rábait. Déanann ceann acu sin, Quill, táblaí, liostaí, graif agus sonraí eile a importáil; ansin déanann sé anailís ar an scéal atá le hinsint; ansin insíonn sé an scéal sa slí is cuí. Is féidir alt a chur in oiriúint do shlua nó do dhuine aonair: amach anseo (a deirtear) gheobhaidh gach duine an t-ábhar is oiriúnaí dó féin, agus is féidir é a dhéanamh ina lán teangacha. (Is fada lucht foghraíochta ag smaoineamh air seo.) Ní bheidh aon duine againn gan scríbhneoirí rábait dár gcuid féin.

D'fhágfadh sé seo rian suntasach ar obair státseirbhíseach agus iriseoirí de gach sórt. Bheadh gréasán rábat ann (aon ríomhaire ollmhór amháin i ndáiríre) a thiomósódh sonraí de gach sórt, a chuirfeadh ord agus eagar orthu agus a chuirfeadh an toradh in iúl duit (nó go díreach don ríomhchóras atá agat sa bhaile). Bheadh a rian seo fiú ar iriseoireacht iniúchach: dhéanadh an córas póirseáil i ngach poll agus próchóg, ag bolatháil thart ar lorg neamhréitigh bheaga a léireodh an drochscéal mór. (Bheadh ríomhghréasáin ag cur an dlí ar a chéile dá bharr.)

Ná dearmadaimis cúrsaí polaitíochta. Beidh córais an-sofaisticiúla ann a dhéanadh mionscagadh ar thuairimí na dtoghthóirí agus ar na rudaí is mó a chuireann ag rince nó ag eascainí iad. Bheadh na toghthóirí (nó a ríomhchóras pearsanta) in ann na páirtithe féin a iniúchadh ar an mbealach céanna agus vóta a chaitheamh go huathoibritheach don pháirtí (nó don ríomhpháirtí) is fearr leo. Is féidir parlaimint fhíorúil a shamhlú agus í ag réiteach billí agus á rith gan focal daonna a rá.

Cuimhnimis ar an taobh míleata den scéal, ós minic a chuirtear gléasanna cogaidh in oiriúint don saol mór. Sampla de sin is ea na ladraí, gléasanna maraithe, faireachais agus iompair. Is féidir idir thairbhe agus mhí-úsáid a bhaint astu, agus (ós ríomhairí eiltithe iad) is féidir iad a haiceáil, smacht a fháil orthu agus iad a chur

seachrán. Ní bheadh iontu ar aon chuma ach cuid de chóras níos leithne a bhfuil neart mionchóras á nginiúint istigh ann. Dá mbeadh fonn ort eitleán, leoráí nó gluaisteán a fhuadach ní bheadh le déanamh agat ach an córas ríomhaireachta a haiceáil; ní bheadh gá le gunnaí ná le pléascán. B'fhéidir go bhfágfadh sin na coirpigh is dúire i bponc.

Beidh rábait in ann dul i ngleic le tinte foraoise agus foirgneamh. Beidh siad díonach ar lasracha, beidh braiteoirí an-íogaire acu agus beidh siad i gcumas dul de dhroim bacainní agus gabháil trasna an talaimh is gairbhe gan dua. Beidh deireadh, mar sin, le lucht dóiteain mar atá siad anois.

Beidh feirmeacha á reachtáil ag ríomhairí agus beidh siad á saothrú ag feithiclí rábatacha. Anois féin tá braiteoirí á n-úsáid ar fheirmeacha san Astráil agus in áiteanna eile a insíonn duit go mionchruinn cá mhéad cothaitheach agus uisce atá ag teastáil ar gach blúire talún. Sa saol atá le teacht is féidir leis an bhfeirmeoir fanacht sa bhaile mór.

Tá *Centre for the Study of Existential Risk* (CSER) ann, tionscadal a bhunaigh an réalteolaí Martin Rees, an fealsúnaí Huw Price, an t-eacnamaí Partha Dasgupta agus Jaan Tallinn, Eastónach atá orthu siúd a bhunaigh Skype. (Ní mór a thabhairt faoi deara nach bhfuil aon bhean ina measc.) Cuireann roinnt contúirtí inní orthu, cuid acu seanphléite. Is dóigh leo go bhféadfadh an intleacht shaorga dul i ngleic lenár n-éirim aigne féin. Chuirfeadh an teicneolaíocht ar chumas duine drochintinnigh amháin tubaiste a chur i ngníomh, nó b'fhéidir go dtitfeadh an tubaiste amach de dhearmad féin. Agus samhlaigh córas ríomhaireachta a gheobhadh smacht ar an eolas go léir atá le fáil sa saol seo agus a bhainfeadh feidhm as chun a chuid aidhmeanna féin a bhaint amach. (Tá gnáthghléasanna ag caint le chéile sa bhaile cheana.)

Ach deir David Deutsch, eolaí agus údar, nár éirigh le haon duine fós fíorintleacht shaorga a chumadh – an inleacht shaorga ghinearálta, mar a thugtar uirthi. Is féidir saghas intleachta a chumadh le haghaidh ríomhairí de réir rialacha an iomprachais: más léir ón taithí gur fiú rud a dhéanamh, déantar rogha den rud sin thar iompar nach bhfuil an toradh céanna air. Sin patrún iompraíoch 'inchurtha/aschurtha' den saghas is oiriúnaí don chuid is mó den ríomhchlárú; ach ní oireann sé don intleacht shaorga ghinearálta. Tá forbróirí bogearraí i gcumas ríomhaire a chlárú chun go mbeadh eolas aige air féin sa chiall iompraíoch – airíonna éigin dá chuid féin a thuiscint as a íomhá féin a fheiceáil i scáthán, mar shampla. Ach ní bheadh an ríomhaire in ann machnamh a dhéanamh ar rud ar bith, mar a chumas smaointeoireachta féin agus conas é sin a fheabhsú. Maíonn Deutsch gurb é an tsainfheidhm intleachtúil agus mhorálta a bhaineann le daoine agus le ríomhairí fíorintleachtúla araon iad a bheith in ann mínithe nua a chumadh. Ní fhaightear an chruthaitheacht seo i gcláir nach bhféadann srianta réamhshocraithe a shárú.

Agus an focal scoir: ní féidir le scríbhneoirí ficsean eolaíochta teicneolaíocht an ama atá le teacht a réamhaithrisiú a thuilleadh. Tá an teicneolaíocht sin ag athrú go ró-scioptha. Fiú na réamhinsinte a rinneadh thuas ní féidir a rá go deimhneach go dtiocfaidh toradh uirthi, nó toradh den saghas a mbeadh súil agat leis.

### ***Le léamh***

Yves Eudes, 'The journalists who never sleep,' *Guardian Weekly*, 12 Meán Fómhair 2014

Andrew Martin, 'The scientific A-Team saving the world from killer viruses, rogue AI and the paperclip apocalypse,' *The Guardian*, 30 Lúnasa 2014

David Deutsch, 'Creative blocks,' *Aeon Magazine*: <http://aeon.co/magazine/technology/david-deutsch-artificial-intelligence/>

**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).**

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au) .*

## Leaganacha simplithe

### **‘Ireland, Wales and the dynamics of language revival’: Robert Lindsay**

Ba é Rob Lindsay the príomhchainteoir ag seimineár faoi ‘Ireland, Wales and the dynamics of language revival’ ar 23 Meán Fómhair 2014. Bhí an chaint bunaithe ar PhD atá á dhéanamh aige. Chuir sé síos ar an tionchar mór a bhí ag na Breatnaigh ar ghluaiseacht na Gaeilge in Éirinn.

Ba dhóigh leat i dtús na seascaidí go raibh an Bhreatnais ag dul i laige agus go raibh líon na nGaeilgeoirí ag dul i méid. Ní raibh sa ‘mhéadú’ úd, áfach, ach daoine a raibh cúpla focal Gaeilge acu. Is dócha go raibh Breatnais mhaith ag na cainteoirí Breatnaise a bhí ann. Sa seascaidí thosaigh siad ag cur scolaíocht Bhreatnaise ar fáil gan chabhair ón rialtas. Bhaineadh tairbhe as taighde a dúirt go raibh an dátheangachas go maith i gcúrsaí foghlama. Thug gníomhaí Breatnach léachtaí in Éirinn ag an am, rud a thug misneach do Ghaeilgeoirí.

Ba é Saunders Lewis an gníomhaí teanga ba cháiliúla sa Bhreatain Bheag. B’údar é freisin. Chuaigh sé i gcion ar ghníomhaí in Éirinn, an scríbhneoir mór Máirtín Ó Cadhain. D’aistrigh sé paimfléad tábhachtach le Saunders Lewis agus léigh mórán Gaeilgeoirí é. Bhí an grúpa Misneach ag déanamh agóidíochta ar fud na hÉireann ar son na Gaeilge, dírach mar a rinne a leithéidí sa Bhreatain Bheag.

Tháinig beocht nua i gConradh na Gaeilge, agus rinne siad léirsithe mar ghníomhaithe teanga sa Bhreatain Bheag.

Faoi na hochtóidí bhí na hÉireannaigh agus na Breatnaigh ag éirí tuirseach den chlampar. Ba le Sasanaigh roinnt tithé saoire sa Bhreatain Bheag bhíodh daoine áirithe á ndó, ach tháinig deireadh leis sin chomh maith.

Rinneadh díospóireacht i ndiaidh na cainte. Rinne Robert tagairt don nós atá ag Gaeilgeoirí labhairt i mBéarla má tá Béarlóir ina láthair. Ní dhéanfadh cainteoirí Breatnaise é sin.

### **An saol atá romhainn**

Tá scríbhneoirí rábait á n-úsáid anois ag gnólachtaí chun cáipeisí a fhoilsiú. Bailíonn siad an t-eolas agus insíonn siad an scéal. Is féidir leo mórán oibre a dhéanamh in áit iriseoirí daonna agus státseirbhíseach. Bheidís in ann iriseoireacht iniúchach a dhéanamh feasta.

Is féidir córas ríomhaireachta a chur ag obair i gcúrsaí polaitíochta. Bheadh sé in ann tuairimí na dtoghthóirí a scrúdú, agus bheadh na toghthóirí in ann córas den saghas céanna a úsáid chun na páirtithe féin a iniúchadh. B’fhéidir go mbeadh parlaimint fhíorúil ann.

Tá ladrainn á n-úsáid go forleathan anois ach is féidir ladrainn a haiceáil agus mí-úsáid a bhaint astu. Is gearr go mbeidh eitleáí n agus gluasteáin fhéinghluaiste ann. B’fhurasta iad a fhuadach ach iad a haiceáil..

Beidh rábait in ann dul i ngleic le tinte agus iad díonach ar lasracha. Beidh deireadh, mar sin, le lucht dóiteain.

Tá feirmeoirí ag úsáid ríomhairí cheana chun caoi mhaith a choinneáil ar an talamh. Beidh feirmeacha á reachtáil ag ríomhairí ar fad feasta agus iad á saothrú ag feithiclí rábatacha.

Is dóigh le daoine éigin go bhféadfadh intleacht shaorga na ríomhairí dul i ngleic hintleacht na ndaoine. B’fhurasta don ríomhaire díobháil mhór a dhéanamh, d’aonghnó nó de dhearmad. Agus samhlaigh córas ríomhaireachta a gheobhadh smacht ar an eolas go léir atá le fáil sa saol seo.

Ach deir David Deutsch, eolaí agus údar, nár éirigh le haon duine fós fíorintleacht shaorga a chumadh. Bheadh an intleacht sin in ann mínithe nua a chumadh agus smaointe nua a chruthú, beag beann ar dhaoine.